Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8839/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0377 (COD)**

**EF 130**
**ECOFIN 406**
**CCG 28**
**SURE 10**
**CODEC 631**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna) – Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 25 Samhain 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Rialachán[1], darb aidhm, go bunúsach, cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna) a dhéanamh níos tarraingtí d'infheisteoirí. Díreofar níos mó caipitil i dtreo infheistíochtaí fadtéarmacha, chun maoiniú na n-aistrithe glasa agus digiteacha, go háirithe, a éascú, agus ardleibhéal cosanta á choimeád d'infheisteoirí agus, go háirithe, d'infheisteoirí miondíola.

2. Is é is aidhm don togra roinnt teorainneacha ó thaobh an tsoláthair agus an éilimh de a shárú. Ar an gcaoi sin, cumhdaítear san athbhreithniú atá beartaithe rialacha margaíochta; raon feidhme na sócmhainní agus na n-infheistíochtaí incháilithe; na ceanglais maidir le comhdhéanamh agus éagsúlú na punainne; iasachtaíocht airgid thirim agus rialacha ciste eile; na ceanglais a bhaineann le húdarú, beartais infheistíochta agus coinníollacha oibríochta ELTIFanna.

[1] 14367/21 + ADD 1 go ADD4

## II. STAID NA hIMEARTHA

3. Pléadh an togra sa Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Baincéireachta. Pléadh measúnú tionchair an Choimisiúin[2] ag an gcéad chruinniú a bhí aici an 2 Nollaig 2021.

4. An 23 Márta 2022, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra[3].

5. Tá Parlaimint na hEorpa fós lena seasamh ar an gcéad léamh a chur in iúl.

6. An 13 Bealtaine 2022, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhréiteach deiridh ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach in 8840/22 é, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh cur chuige ginearálta mar mhír gan phlé. Ina dhiaidh sin, rinneadh ceartúcháin spriocdhírithe de chineál eagarthóireachta amháin ar an téacs, a leagtar amach in 8840/1/22 REV1.

## III. CONCLÚID

7. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, moltar don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – cur chuige ginearálta i ndáil leis an togra le haghaidh rialacháin, mar a leagtar amach in 8840/1/22 REV1 é, a chomhaontú;

   – a iarraidh ar an Uachtaránacht tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, nuair is féidir, ar bhonn an tsainordaithe d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh.

---

[2] 14367/21 ADD 1 go ADD3.
[3] 7706/22.